**<u>Scoil Naomh Bríde, Tulach Uí Chadhain</u>**

**<u>Plean Scoile na hAmharcealaíona</u>**

| |
|---|
| **<u>Teideal:</u>**<br>Plean Scoile na hAmharcealaíona |
| **<u>Réamhráiteas:</u>**<br>**(a) Conas a cuireadh an plean seo le cheile agus cé a bhí páirteach ann?**<br>Bhí baint ag an bhfoireann iomlán i scríobh agus réiteach an phlean seo.<br>Claíonn an phlean seo le prionsabail agus ábhar an Churaclam Athbhreithnithe (1999).Is tuairisc é an phlean seo d'ár chleachtais mhaith sna hamharcealaíne.<br><br>**(b)Cén fáth go bhfuil gá leis an bplean seo?**<br>Táimid ag iarraidh go gcuirfidh an phlean seo le múineadh agus le foghlaim leanúnach san Ealaín. |
| **<u>Fís agus Aidhmeanna:</u>**<br>**(a) Fís- An plean i gcomhthéacs na scoile**<br>Táimid ag iarraidh cur leis na tréithe pearsanta atá ag gach paiste faoinár gcúram. Ba mhaith linn cur chun cinn a dhéanamh ar shaol cruthaitheach agus samhlaíoch an pháiste trí ealaín a chleachtadh.<br><br>**(b) Aidhmeanna**<br>Is iad aidhmeanna an churaclaim amharcealaíon ná<br>• cabhair a thabhairt don pháiste íogaireacht a fhorbairt don saol amhairc, spásúlach agus tadhaill agus soláthar d'eispéireas aeistéitiúil<br>• cabhair a thabhairt don pháiste chun idéanna, mothúcháin agus eispéireas a chur in iúl i bhfoirmeacha amhairc agus tadhaill<br>• a chinntiú go mbeidh eispéireas taitneamhach agus cuspóir cinnte leis ag an bpáiste ar |

mheáin dhifriúla ealaíne agus go mbeidh deiseanna aige/aici ábhair éagsúla a iniúchadh, a thástáil, a shamhlú, a dhearadh, a chumadh agus a chur in iúl

- tuiscint an pháiste ar an bpróiseas cruthaitheach a bhaineann le déanamh ealaíne déthoisí agus tríthoisí agus a f(h)reagairt phearsanta orthu a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste na scileanna agus na teicníochtaí is gá le haghaidh léirithe, cumadóireachta agus leithlí a fhorbairt
- a chur ar chumas an pháiste an díocas agus an sásamh a ghabhann le cruthaitheacht agus le lánacmhainneacht a aimsiú trí ghníomhaíochtaí ealaíne a eispéiriú
- íogaireacht, taitneamh agus léirthuiscint i leith na n-amharcealaíon a chothú sa pháiste
- deiseanna a sholáthar don pháiste na gaolta a d'fhéadfadh bheith idir a s(h)aothar féin agus saothar ealaíontóirí agus ceardaithe a iniúchadh.

## Pleanáil Curaclaim:

## Snáitheanna agus Snáithaonaid:

### Pleanáil Curaclam

Sa churaclam moltar na meáin thíosluaite mar mheáin léirithe insroichte a chuirfidh ar chumas an pháiste an saol a iniúchadh, freagairt dó agus é a léirthuiscint ó thaobh amhairc de:

- **Líníocht:** Líníocht a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
- **Péint agus dath:** Péinteáil, Breathnú agus freagairt
- **Prionta :** Priontaí a dhéanamh, Breathnú agus freagairt
- **Cré :** Forbairt foirme i gcré, Breathnú agus freagairt
- **Tógáil :** Tógálacha a dhéanamh, Breathnú agus freagairt

- **Fabraic agus snáithín.**: Cruthú le fabraic agus le snáithín, Breathnú agus freagairt

## Páistí le Riachtanais Speisialta

Ba cheart go n-eireoidh le gach páiste san Ealaín. Tabharfar tacaíocht faoi leith do pháiste a chabhraíonn Ealaín leo scileanna agus tálúin nua a aimsiú agus a fhorbairt. Tabharfar freisin spreagadh do na páistí le talann faoi leith san Ealaín. Beidh seans acu cur isteach ar chomórtaisí, cnuasaigh Ealaíne a chomhlíonadh, srl.

## Forbairt Coincheapa agus Scileanna

- Feasacht ar line
- Feasacht ar chruth
- Feasacht ar fhoirm
- Feasacht ar dhath agus ar thon
- Feasacht ar uigeacht
- Feasacht ar ghréas agus ar rithim
- Feasacht ar spas

## Comhthathú

Is féidir an Ealaín a chomtháthú le neart ábhair eile agus tá sé riachtannach go ndéantar é seo. Seo a leanas roinnt samplaí de chonas mar a chomhtháitear Ealaín sa scoil.

Gaeilge:

Ócáidí Speisialta (Oíche Shamhna, An Nollaig, Lá ‘le Vailintín, Lá ‘le Pádraig, An Cháisc, Laethanta Saoire)

Scéalta, rainn, seanfhocail srl a léiriú.

Béarla:

Scéalta, filíocht, cur síos graificeach

OSIE (Stair):

Carachtéirí, mar shampla na hÉighiptí- hieroglyphics, pirimidí a dhéanamh/ léirmhíniú samhlaíoch a dhéanamh ar charachtair stairiúla i gcré nó i bpapier maché

OSIE (Tíreolas):

Mapaí a dhéanamh, bratacha naisiúnta

OSIE (Eolaíocht)

Fuinneamh agus fórsaí – Solas

OSPS:

Na mothúcháin a léiriú, póstaeirí (m.sh. i gcoinne drugaí)

Ceol: fuaimeanna agus pictiúir d'fhuaimeanna a chuireann gléasanna ceoil éagsúla in iúl a léirmhíniú (i líne); líníochtaí a dhéanamh de ghléasanna ceoil mar nithe neamhbheo agus mar oiriúintí portráide agus scéalta, mothú, coincheapa, ócáidí léirithe i bhfuaim a léirmhiniú (i bpéint agus i ndath)

Drámaíocht: téamaí a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (i bpéint agus i ndath), pearsana a iniúchadh trí dhrámaíocht a léirmhíniú (i gcré nó i papier maché)

Matamaitic: Innealtóireacht agus tógáil , triail a bhaint as cruthanna agus airíonna déthoiseacha chun fadhbanna deartha a réiteach

## Príomh-Mhodheolaíochtaí:

**Módh-Eolaíochta/Módh Oibre**

- Obair aonair
- Obair ghrúpa
- Cómhra ranga, aischothú agus céistiúcháin
- Déanfaidh na páistí aithrís ar phictiuirí nó uirlisí agus úsáidfidh siad a gcuid samhlaíocht ina gcuid oibre.
- Eolas do pháistí faoi ealainteoirí
- Aoi-chainteoirí
- Taispeaintaisí

## Measúnú: Ag Breathnú ar Obair na Leanaí:

**Measúnú:** Ba chóir go dtógfadh measúnú ceann de:

- Chumas an pháiste ealain a dhéanamh
- Chumas an pháiste saothar ealaine a bhreathnú le tuiscint agus freagairt dó
- Chineál theagmháil an pháiste le healain

Tá na trí achar seo comhghaolta agus déantar iad a mheasúnú ar bhonn:

- Feasacht chéadfach
- Cumas agus scileanna léirithe
- Feasacht léirmheastacht agus aeistéitiúil
- Dearcadh i leith gníomhaíochtaí ealaine.

Ba cheart na teicniochtaí seo a leannas a chur san aireamh freisin:

- Breathnadóireacht an mhúinteora
- Tascanna a dhearann an múinteoir
- Samplaí Oibre, bailiúcháin agus tionscadail

## Comhionannas agus Rannpháirtíochta

Déanfaidh an múinteoir ranga cinnte, chomh fada is féidir go mbeidh na páistí ar fad rann-pháirteach sa cheacht ealaine. Tugtar deis  do na páistí a gcuid talainn féin a

thaispeaint sa rang ealaine tré a gcuid smaointe agus cuma féin a chuir ar a gcuid obair ealaine. Tá sé tábhachtach dóibh go mbeidh gach duine  rann-pháirteach sa rang.

- **Pleanáil Eagraíochta**

## 4. Clár Ama

Seo an méid ama a thugtar do Oideachas Ealaíon gach seachtain:

Ranganna Naíonáin: 2 uair 30

Meán Ranganna agus Ard Ranganna: 3 uair a chloig

## 5. Acmhainní agus Taispeántaisí

Tá neart achmhainní Ealaíne ar fáil sa scoil. Comaidtear roinnt rudaí a úsáideann muid ó lá go lá sa seomra ranga agus tá gach rud eile ar fáil sa Stór nó i Seomra Áine.

**Taispeántaisí:**

Tá sé fíor-thábhachtach go bhfeiceann na páistí a cuid oibre suas ar na ballaí. Beidh na taispeántais ballaí athruithe go minic chun go bhfeicfidh na pástí a gcuid ealaíne ar teaispáint. Chomh maith leis sin, beidh ealaín na bpaistí le feiceáil sna pasáistí timpeall na scoile.

## 6. Sábháilteacht

Déanfar chuile iarracht páistí agus muinteoirí a choinneáil slán i rith ceacht Ealaíne. Usáideann muid siosúir sábháilte sa rang ealaine. Bíonn soithí plaisteacha in úsáid nuair atá uisce de dhíth.

## 7. Pleanáil agus Eagrúcháin

Ceann de na tascanna is dúshlánaí dá bhfuil ag an múinteoir is ea conas gníomhaíocht áirithe ealaíne a thabhairt isteach. Tosaíonn gníomhaíochtaí ealaíne a bhfuil aidhmeanna

leo le spreagadh a ghríosaíonn spéis agus samhlaíocht na bpáistí agus a chuireann an fonn tosaithe orthu. Pointe tosaigh maith is ea aon cheann de na gníomhaíochtaí a fhothaíonn modhanna fionnachtana faoi threoir, nó cumasc díobh.
Cuimsíonn siadsan a bheith

- ag obair as taithí agus as samhlaíocht an pháiste
- ag úsáid ábhar agus uirlisí mar spreagadh
- ag obair de bhreathnóireacht agus d'fhiosracht
- ag úsáid saothar ealaíontóirí agus ceardaithe mar spreagadh.

Is féidir go mbeidh pointe tosaigh áirithe níos cuí d'obair i meán áirithe ná cinn eile: mar shampla, is í úsáid ábhar agus uirlisí an pointe tosaigh is cuí le haghaidh priontála. Is féidir go ndúiseofar idéanna oibre i meáin eile ag ceann amháin nó níos mó de na pointí tosaigh molta, agus is féidir go roghnóidh an múinteoir ceann acu.
Chun nádúr comhtháite na snáithaonad a chothú d'fhéadfaí obair ealaíontóirí agus ceardaithe a úsáid mar spreagadh in éineacht le pointí tosaigh molta eile.

## 8. Forbairt Foirne

Tugtar gach tacaíocht do mhúinteoirí chun go mbeidh dul chun cinn ag gach rang san Ealaín.  Is faoi chúram an mhúinteora ranga é an Churaclam sna hAmharcealaíne a chur i gcrích sa seomra ranga.

## 9. Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Nascadh leis an bPobal

Tá fáilte mór roimh tuismitheoirí le talann faoi leith cabhrú linn agus taispeáintisí a dhéanamh. Ba mhaith linn tuismitheoirí a spreagadh chun deiseanna foghlaime a thabhairt dá bpáistí ar nós cuairt ar dhánlann srl.
Is féidir le tuismitheoirí freisin tacaíocht a thabhairt dá bpáistí agus iad ag cur isteach ar comórtaisí agus taispeántais. Is féidir le ranganna freisin tabhairt faoi taispeántaisí idirnáisiúnta agus staidéar a dhéanamh orthu.

- **Critéir Rathúlachta**

Tá ullmhuchán na múinteoirí riachtanach chun an plean seo a chur i bhfeidhm. Tá sé tabhachtach na módhanna atá luaite a bheith á leanúint agus athbhreithniú a dhéanamh ar seo go rialta.

- **Cur i bhFeidhm: Meán Fomhair 2013**

**Rólanna agus Freagracht**

Tá sé an-tabhachtach do fhorbairt an pháiste go bhfuil an churaclam a chur i bhfeidhm i ngach rang. Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile ar fad agus gach múinteoir freagrach as a rang féin. Beidh an plean seo le cur i bhfeidhm Meán Fomhair 2013

- **Athbhreithniú: Meitheamh 2015**

**(a) Rólanna agus Freagracht**

Tá an freagracht seo ar fhoireann na scoile nuair atá data den athbhreithniú thuas. Meitheamh 2015.

**(b) Spriocdháta don athbhreithniú:**

Déanfar athbhreithniú ar seo sa bhlian 2015

- **Daingniú agus Cumarsáid**

**Siniú ___________________________________ Dáta: __________________**

**Cathaoirleach an Bhord Bainistíochta**